

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T25
Ainm an Agalláí	Donnchadh (Dinny Hughie) Ó Colla
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	08/05/2006
Suíomh an Agallaimh	An Cheathrú Ceanainn
Ainm an Tras-scríbhneora	Maggie Uí Ghallchóir

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Agus tá sé traidhfil seachtaine ó bhí mé agat a Dinny, ach is cuma, thug sin am duit smaointiú ar chúpla scéal eile atá agat le inis domh *so* Dinny, ar mhaith leat stróiceadh leat ansin anois a chailleach.

DINNY: Maith go leor. Seo cuntas ar an oileáin cineál ó thus go deireadh. *Á*, agus níl cuntais ar bith ar an dream a bhí ar an oileán, ach gur bhfuarthas pionnaí sliogáin faochógaí ina moll amháin, ar an ceann thiar den oileáin cosúil le go raibh daoine ina gcónaí ann a bhí ag bráth go mór ar bia farraige. Fuarthas snáthaidí déanta amach as cnámha ann, cupaí déanta amach as cloch, agus bró ornáideach a bhí cóirithe go galánta, dá *granite* nach raibh den chuid na tíre seo. Bhí rud bróanna eile ann, cineál *granite* tá mé ag déanamh a bhí iontu, *but* bhí siad sin cineál garbhánta déanta.

Bhí Teach `a Phobail ar bharr an oileáin ach níl páirc ná tuairisc le fáil air, ach tá a fhios againn c`ait a raibh sé de réir leárscáil a bhí le Gearmánaí a thug cuairt anseo am, bhí Naomh Arnán ina phatrún ag an oileáin i dtrátha am Colm Cille agus tobar Naomh Colm Cille sa choirneál thoir-thuaidh de, den leath / leag mhór den oileán.

Na daoine a tháinig go deireanach, sé sin tréimhse fada i ndiaidh na Sasanaigh, den rún an oileán a chur chun báis. Rinne sin tithe beaga daofa féin deas den áit a raibh an Teach a` Phobail sin thuas ar bharr an oileáin. Níos deireanaí arais ná sin, thosaigh siad a thógáil tithe sa taobh thoir-theas den oileán, áit a raibh foscadh ón

ghaoth aniar agus gaoth aduaidh. Dream dá chlainn Uí Cholla a tháinig ann go deireanach, sílim gur ó Gaoth Dobhair a tháinig siad. Ochtar a bhí ann, agus rinne siad ocht gcuid den talamh, sin talamh garbh agus talamh curaíocht, roinn siad an pháirt den chladach a bhí idir barr lán agus lom trá sa dóigh go raibh a sciar féin den fheamainneach agus leá ag achan nduine. Leá fá choinne ag déanamh ceilpe agus feamainneach fá choinne leas.

Preátaí 's mó bhí siad beo air, dá ndéarfá leo glasraí a chur, rachadh siad a gháire fúd, ag meas gur am amú a bhí ann. Siogal an barr gráin a bhfearr a d'fhásadh ann, mar bhí cuid mhór gainimh sa talamh agus cha raibh sé fóirstineach dá choirce ar chóir ar bith. Obair láimhe a bhí ann san am sin ar dtús, ag déanamh iomaracha agus ag rómhair. Thosaigh siad ansin a threabhadh. Cha raibh caorán ar bith ar an oileán, fuair siad bachtaí ar an Tír Mór. Chaitheadh siad leath bliain ag lomadh, bain, cróigeadh tarraingt agus bhí orthu capaill agus carr a aistriú go tír mor leis an mhóin a thabhairt go dtí an phort ar scilling an lód.

Bhí líonadh, tarraingt agus doirteadh le déanamh ar an phortach, líonadh sa charr, doirteadh ag an bhinn i bPort Uí Churráin, líonadh arais, doirteadh isteach sa bhád, a thabhairt go dtí an t-oileán, líonadh arais sa bhád, doirteadh ar an chladach, líonadh arais agus doirteadh sa chruach, *so* bhí obair mhillteanach leis an mhóin. Bhí giota talamh a raibh áit fiche 's ocht cruach ann, sin an méid tithe a bhí ar an oileán san am, *so* bhí áit cruach ag achan nduine do féin. Agus tiomáineadh siad mála de sin na bhaile achan oíche le iad a dhéanamh go maidin, agus cha ghoideadh a'n duine cuid an duine eile, bhí siad iontach ionraice mar sin.

Bhí poitín a dhéanamh ann cosúil le achan áit eile, tithe beaga faoin talamh a bhí ann. Tháinig scéim amach ansin le daoine a thabhairt go dtí an Astráil, sin thart fan 1840, 1850. Chuaigh cuid acu ann, tá scirt go fóill ann, cuid acu ag cuartú, cá fhios a tháinig an _____, cuid is mó chuaigh siad go Meiriceá, ansin go *Philadelphia, Motania, Iowa, Alaska, even the New Orleans*. Tháinig fear anall as *New Orleans*, '_____' agus cheannaigh sé bád, agus cailleadh an t-iomlán acu sa bhád sin.

Á, níl sé mórán le céad bliain ó chuaigh sin i gcionn na hiascaireachta, scadán, bradán, gliomaigh. Chuir fear amháin ar shiúil, dosaen déag gliomach, agus fuair sé sé, seic de scilling agus sé pingin arais ar a son, sin an méid a fuair sé ar dosaen déag gliomach.

Tá bealach coise go Tír Mór nuair a bheas an rábharta mór ann, bhí sé ochtó slat ar leithead i 1980, shíulfá amach 's isteach ar feadh dhá uair a chlog, sin i dtrátha na Féil' Pádraig de na bhonn '____'. Nuair a tháinig, san oileán, bhí fiche agus a hocht capall ann, sé sin ceann in achan teach leis an obair throm a dhéanamh, dhá uair sa bhliain, ag rábharta na Féil' Pádraig agus rábharta Féil' Muire san fhómhair, rachaidh na beithígh amach an Clochán thart fá lár an lae, go dtí go gcuirtí crúite orthu, agus isteach ansin ag an mheán oíche, agus cailleadh traidhfil ar an dóigh sin fosta. D'fhág an capall deireanach an t-oileán in sna seachtódaí.

I gcúrsaí creidimh do, dúirt mé fadó go raibh Naomh Fionán ann, Naomh Colm Cille, agus thioctadh Naomh Colmán a raibh baint aige le Inis Bó Fhinne amach ar chósta Mhaigh Eo le cuairt thall 's abhus. Ach an dream deireanach, chaitheadh siad bád a thiomáint, sin ag brath ar an aimsir, iomrú go Machaire Uí Rabhartaigh, bád a tharraingt, siúl trí míle go Gort a' Choirce, trí míle arais go dtí Machaire Uí Rabhartaigh, an bád a thiomáint na farraige agus a iomrú isteach go dtí an t-oileán.

Ba gnách le scoil a bheith sna tithe, gur tógadh scoil ann in 1895. Bhí daoine ag toiseacht ag gabháil na scoile ag *even* ag dhá bhliain deag, cuid acu faoi Láimh Easpaig ag corradh agus fiche bliain, bhí siad go aosta is go mbeadh cuid acu marbh ólta an lá a chuaigh siad chuig an Easpag. An t-aon spóirt a bhíodh acu, nó ag inse scéalta fá thaibhsí nó gaisce, agus murach raibh an duine na ghaisce sular thosaigh an scéal, glac uaimse, bheadh sé níos mó ná ina ghaisce nuair a bheadh scéal inste. Bhíodh imirt cártaí ann, agus damhsa. An chéad bosca ceoil a tháinig ann, d'iompar girseach a bhí ag teacht ón Lagán faoi na hascáil as Leitir Ceanainn isteach i gcúl na Mucaise.

Thiocadh bádaí ó Thóraigh agus Gabhla, agus Inis Meáin thall 's abhus, dá mbeadh aimsire fóirsteanach ag na damhsaí, agus rachadh muintir Inis Bó Finne acusan ag cuartanaí. Ach faraor na tithe a bhí lán den aos óg, ag ceol damhsa, agus gáire, níl le cluinstit iontu anois ach fuaim na gaoithe fríd poll na heochrach. D'ímigh achan nduine a bhealach féin amach go Tír mór, mar shíl siad go raibh na cnoic i bhfad ar shiúl níos speisialta ná an t-oiléain s'acu féin, ach sílim go n-imeoidh an tóin as an am mhaith, agus go mbeadh na seandaoine ag fanacht leis an cearc a bhreith, le hunsa tobac a dhéanamh suas go fóill. Chaithfidh mé gabhail an tobac a dhéanamh suas go fóill.

DÓNALL: Bullaí fir a Dinny, sin cunta ar dhóigh, go raibh míle maith agat.